Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Aibreán 2022
(OR. en)

7689/22

FIN 374
INST 106

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Ráiteas comhpháirteach maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) |

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

**<u>Ráiteas comhpháirteach maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC), an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)</u>**

'I gcomhréir le Pointe 27 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA) an 20 Nollaig 2020, aontaíonn <u>Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún</u> maidir leis an méid seo a leanas, ar bhonn na faisnéise arna tarchur ag an gCoimisiún:

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe do *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh* (ACER) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 1 den chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an méid bliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do ACER don bhliain airgeadais 2022 san áireamh i mbuiséad 2022 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ACER do na blianta airgeadais ó 2023 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach* (EMA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 2b den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an méid bliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do EMA don bhliain airgeadais 2022 san áireamh i mbuiséad 2022 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do EMA do na blianta airgeadais ó 2023 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú* (ECDC) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 2b den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an méid bliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do ECDC don bhliain airgeadais 2022 san áireamh i mbuiséad 2022 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do ECDC do na blianta airgeadais ó 2023 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe don *Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil* (EEA) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 3 den chreat airgeadais bliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an méid bliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do EEA don bhliain airgeadais 2022 san áireamh i mbuiséad 2022 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do EEA do na blianta airgeadais ó 2023 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.

- Is féidir maoiniú na suimeanna a chuirtear i láthair sa ráiteas airgeadais athbhreithnithe do *Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí* (Europol) a áirithiú faoi uasteorainn chomhaontaithe chaiteachais cheannteideal 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse ó 2021 go 2027. Cuireadh an méid bliantúil agus na poist sa phlean bunaíochta do Europol don bhliain airgeadais 2022 san áireamh i mbuiséad 2022 cheana féin. Déanfar cinneadh maidir le ranníocaíocht bhliantúil an Aontais agus líon iomlán na bpost sa phlean bunaíochta do Europol do na blianta airgeadais ó 2023 go 2027 faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil.